Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

Measúnacht Tionchair Comhionannais: Beartas na Gaeilge 2027 – 2030

Cúlra

Baineann an Mheasúnacht Tionchair Comhionannais (MTC) seo leis an athbhreithniú dréachtach ar Bheartas Gaeilge Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí 2027-2030. Tá sé mar chuspóir ag an bheartas prionsabail threoracha a leagan amach a léireoidh gealltanas na Comhairle maidir le héascaíocht a dhéanamh de chur chun cinn, cosaint, úsáid agus fás na Gaeilge. Tógtar leis an bheartas seo ar ghealltanais na Comhairle maidir le ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht teanga agus ar an oidhreacht chomónta, agus comhionannas deiseanna chur ar fáil do gach duine a bhaineann leas as seirbhísí na Comhairle. Leagtar amach ann chomh maith na freagrachtaí dlíthiúla atá ar Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

Airteagal 75

Tá an MTC á reáchtáil i gcomhréir freagrachtaí reachtúla na Comhairle faoi Airteagal 75 agus Sceideal 9 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998. Cuireann Airteagal 75 de cheanglas ar an Chomhairle, agus í i mbun a cuid feidhmeanna a chur di i dTuaisceart Éireann, oibriú i bhfianaise an riachtanais maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir dhaoine a bhfuil creideamh, tuairim pholaitiúil, cúlra cine, aois, stádas pósta nó gnéaschlaonadh difriúil acu; idir fir agus mná go ginearálta; idir dhaoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil; agus idir dhaoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Gan dochar do na ceanglais seo, tá de cheangal ar an Chomhairle chomh maith aird a bheith aici ar a inmhianaithe atá sé go gcuirfí an dea-chaidreamh chun cinn idir dhaoine ar de chreideamh reiligiúnda, de thuairim pholaitiúil nó de chine difriúil iad.

Leagtar amach i Sceideal 9 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 (‘Acht 1998’) an nós imeachta mionsonraithe i dtaca leis na dualgais seo a fheidhmiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí scagtha agus MTCanna ar bheartais.

Nuair a bheifear i mbun MTC, geallann Scéim Chomhionannais na Comhairle an treoir a leanas a leanúint arna eisiúint ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann. Molann an treoir seo gur chóir go mbeadh seacht gcéim i nós imeachta an MTC:

- Céim 1: Sainmhíniú ar chuspóirí an bheartais
- Céim 2: Breithniú ar shonraí agus ar thaighde atá ar fáil

- Céim 3: Measúnacht ar an tionchar
- Céim 4: Breithniú faoi bhearta maolúcháin
- Céim 5: Comhairliúchán Foirmiúil
- Céim 6: Cinneadh agus foilsiú na dtorthaí on MTC
- Céim 7: Monatóireacht i dtaca le tionchar diúltach

Leagtar amach sa Dréacht-Tuarascáil Chomhairliúcháin MTC seo na torthaí ar na chéad cheithre chéim de nós imeachta an MTC. I ndiaidh na tréimhse comhairliúcháin, déanfaidh an Chomhairle a machnamh faoi aon aiseolas a gheofar agus déanfar sin a chur san áireamh i dtuarascáil deiridh faoin chinneadh.

Feidhm an MTC

Is ionann MTC agus anailís mhion chórasach ar bheartas d'fhonn a dhéanamh amach cén tionchar difriúil a bheadh aige ar aon ghrúpa de na naoi gcinn de chatagóirí Airteagal 75 agus cé acu an diúltach an tionchar sin nó nach ea. Sa chás go gcinntear go mbeidh tionchar diúltach ar ghrúpaí i gcatagóir amháin nó níos mó de na naoi gcinn, ní mór don Chomhairle breithniú a dhéanamh faoi bheartais a d'fhéadfadh maolúchán a dhéanamh ar an tionchar diúltach sin agus ar bhealaí difriúla le haidhmeanna beartais a bhaint amach ar lú an tionchar diúltach a bheadh acu ar ghrúpaí i ngach ceann de na catagóirí ábhartha.

Le gur féidir a dhéanamh amach cé acu is dócha a bheidh tionchar diúltach ar bith ag beartas nó nach mbeidh, ní mór breithniú a dhéanamh faoi na daoine a mbeidh tionchar ag an bheartas orthu, ar a riachtanais agus ar a n-eispéiris agus ar na catagóirí Airteagal 75 lena mbaineann siad.

Sainmhíniú ar chuspóirí an bheartais

Aithníonn an dréachtbheartas leasaithe seo an éagsúlacht shaibhir traidisiún teanga a mhúnlaigh stair an Cheantair, agus déanann ceiliúradh orthu sin, agus iad fós le feiceáil san éagsúlacht teangacha atá á scríobh, á labhairt agus á dtuiscint ag muintir an Cheantair féin agus ag cuairteoirí air. Tá Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí tiomanta do chosaint, do chur chun cinn, d'fhorbairt agus d'éascú úsáid na Gaeilge ina cuid cleachtas féin agus ar fud an Cheantair go léir.

Tá sé mar aidhm ag Beartas na Gaeilge an Ghaeilge a chosaint, a chur chun cinn agus a threisiú laistigh den Cheantar. Beidh an Beartas seo ag feidhmiú sa

chomhthéacs níos leithne de Bheartas Ilchineálachta Teanga na Comhairle, Aitheantas Branda Corparáideach, Plean Corparáideach na Comhairle agus Plean Pobail do Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí.

Mar thaca leis an Bheartas Gaeilge seo tá Straitéis Ghaeilge Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí (2027-2030) agus an Plean Cur Chun Feidhme a bhaineann léi (2027-2030).

Aidhm

Is é is aidhm don Bheartas seo na céimeanna sonracha a leagan amach a dhéanfaidh Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí chun an Ghaeilge a éascú agus a chur chun cinn go hinmheánach agus ar fud an Cheantair, chomh maith le tacaíocht agus cothú a thabhairt don phobal Gaeilge atá ag fás sa Cheantar. Agus an beartas seo á ullmhú, tá sé mar sprioc ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí na dálaí agus an cumas a chruthú chun a chinntiú go mbeidh duine a iarrann seirbhís trí mheán na Gaeilge i dteideal an chaighdeáin seirbhíse chéanna a fháil agus a gheobhadh sé/sí dá n-iarrfaí i mBéarla í. Tógann an beartas seo ar ghealltanais na Comhairle éagsúlacht teanga agus oidhreacht chomónta a cheiliúradh agus comhionannas deiseanna a thabhairt do gach duine a bhaineann úsáid as seirbhísí na Comhairle. Tá an Beartas seo bunaithe ar phrionsabal “tairiscint ghníomhach”; is é sin, nuair a iarrann úsáideoir seirbhíse seirbhís nó doiciméad, cuirfear in iúl dóibh láithreach an bhfuil an tseirbhís nó an doiciméad atá uathu ar fáil trí Ghaeilge. Leagtar amach freisin sa Bheartas seo ceanglais reachtúla Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

Tosaíochtaí Tábhachtacha

1. An Ghaeilge a phríomhshruthú, a fhorbairt agus a fhás;
2. Feiceálacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú;
3. Forbairt na gcainteoirí agus na bpobal Gaeilge a chumasú, a chothú agus tacú leo;
4. An Ghaeilge a chur chun cinn agus a cheiliúradh go gníomhach sa Cheantar.

Anailís ar shonraí agus ar thaighde atá ar fáil

Seasamh Dlíthiúil

Ceanglais Dhlíthiúla Idirnáisiúnta

An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (1992)

Is Conradh de chuid Chomhairle na hEorpa í an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, ar glacadh léi in 1992 chun teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Dhaingnigh an Ríocht Aontaithe an Chairt in 2001 agus chláraigh an Ghaeilge faoi Chuid III, le taobh Ghaeilge na hAlban agus na Breatnaise. Cuireann Cuid III ceanglais shainiúla i bhfeidhm i réimsí lena n-áirítear an t-oideachas, údaráis riaracháin, meáin chumarsáide, an cultúr, an saol eacnamaíochta agus sóisialta, agus idirbheartaíochtaí trasteorann.

Tá suntas faoi leith ag Airteagal 10 i dtaca leis an rialtas áitiúil nó baineann sé le húdaráis riaracháin. Go praiticiúil, tacaíonn an Chairt le húsáid na Gaeilge san idirbheartaíocht le húdaráis phoiblí, i suíomhanna daonlathacha áitiúla, i gcáipéisí oifigiúla, agus i logainmneacha traidisiúnta.

- Ba chóir go mbeadh úsáideoirí Gaeilge ábalta iarratais bhéil nó scríofa i nGaeilge a chur isteach chuig údaráis riaracháin.
- Ba chóir go mbeadh de chead ag údaráis riaracháin cáipéisí a dhréachtú i nGaeilge.
- Is féidir an Ghaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí i dtionóil phoiblí, cé nach n-eisítear leis sin úsáid theanga nó theangacha oifigiúla an Stáit.
- Is féidir leaganacha traidisiúnta agus cearta Gaeilge de logainmneacha a úsáid nó a chur in úsáid nuair is gá le hais an leagain sa teanga oifigiúil.
- Ba chóir go mbeadh úsáideoirí Gaeilge ábalta seirbhísí poiblí i nGaeilge a iarraidh.
- Ba chóir go gceadófaí leaganacha Gaeilge d'ainmneacha teaghlaigh ach sin a iarraidh.
- Ba chóir aistriúchán nó ateangaireacht a chur ar fáil nuair is gá le feidhm a thabhairt do na ceanglais seo.

Dírítear aird in Alt 12 ar ghníomhaíochtaí agus ar shaoráidí cultúrtha, lena n-áirítear leabharlanna, ionaid chultúrtha, iarsmalanna, cartlanna, amharclanna, pictiúrlanna, saothar liteartha, léiriú scannán, féilte, agus tionscail an chultúir. Sa chás go mbeidh údaráis phoiblí inniúil nó go bhfuil ról acu sna réimsí seo, bítear ag súil lena dtacaíocht ar rochtain ar rannpháirtíocht i gcúrsaí Gaeilge.

- Léirithe agus tionscnamh a bhaineann go sainiúil le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a spreagadh.
- Rochtain a chothú ar oibreacha arna dtáirgeadh i nGaeilge agus i dteangacha eile atá faoi chosaint.
- A chinntiú go ndéanfaidh comhlachtaí a eagraíonn gníomhaíochtaí cultúrtha nó a thacaíonn leo foráil oiriúnach i leith an tsoláthair Ghaeilge agus chultúrtha.
- Bearta a chur chun cinn ionas go mbeidh teacht ag comhlachtaí cultúrtha ábhartha ar fhoireann a bhfuil Gaeilge agus teanga nó teangacha an daonra níos leithne acu.
- Rannpháirtíocht dhíreach ag úsáideoirí Gaeilge a spreagadh sa phleanáil faoi shaoráidí agus ghníomhaíochtaí cultúrtha.

Tá an Chairt fréamhaithe sa neamh-leithcheal. Ní chaitear le sainbheartais a dearadh mar thaca le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh mar leithcheal in aghaidh chainteoirí na dteangacha níos forleithne áit arb aidhm leo cur leis an chomhionannas i bhfianaise na saindálaí ina bhfuil lucht úsáide na teanga mionlaigh.

> “Geallann na Páirtithe deireadh a chur, mura bhfuil sé déanta cheana acu, le gach aon dealú, eisiamh, srian nó roghnú gan dlisteanú a bhaineann le teanga réigiúnach nó mhionlaigh a úsáid áit ar rún dó cothabháil nó forbairt na teanga sin a dhíspreagadh nó a chur i mbaol. Ní ghlactar le sainbheartais arb é a gcuspóir tacú le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh mar leithcheal in aghaidh chainteoirí na dteangacha níos forleithne áit arb aidhm leo cur leis an chomhionannas i bhfianaise na saindálaí ina bhfuil lucht úsáide na teanga mionlaigh.” (Tuarascáil COMEX do Chomhairle na hEorpa maidir leis an Chairt Eorpach um Theangacha Reigiúnacha nó Mionlaigh (ECRML) 2004)

Mar a luaitear sa Chairt, geallann na páirtithe deireadh a chur le dealuithe, eisiaimh, srianta nó roghanna gan dlisteanú maidir le húsáid teanga réigiúnach nó mionlaigh áit a ndíspreagfadh sin cothabháil nó forbairt na teanga sin nó a gcuirfeadh siad sin i mbaol.

Réitíonn Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa (COMEX) tuarascálacha tréimhsiúla monatóireachta ar pháirtithe stáit agus tá rialtas na RA cáinte go leanúnach acu as gan comhlíonadh a dhéanamh ar chroíchodanna den Chairt agus moladh cosaintí breise don Ghaeilge bunaithe ar reachtaíocht agus ar bheartas. Mar chuid de 5ú Tuarascáil Mhonatóireachta an Choiste Saineolaithe maidir leis an RA comhlíonadh a dhéanamh ar bhearta RA faoin Chairt, moladh an méid seo a leanas:

> *h. A chinntiú gur féidir le húsáideoirí Gaeilge aighneachtaí béil nó scríofa i nGaeilge a chur isteach chuig brainsí áitiúla de chuid na n-údarás náisiúnta, údaráis Thuaisceart Éireann, údaráis áitiúla agus soláthróirí seirbhísí poiblí... Aistriúchán comhuaineach a thabhairt isteach a dhéanfaidh éascaíocht d'úsáid iomlán a bhaint as an Ghaeilge i dTionól Thuaisceart Éireann agus i gcomhairlí áitiúla*
>
> *k. Éascaíocht a dhéanamh de na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, chomh maith le soláthróirí seirbhísí poiblí, glacadh le logainmneacha Gaeilge agus úsáid a bhaint astu.*

Tá tromlach mór na moltaí seo gan chomhlíonadh nó gan réiteach go fóill; ach Beartas Gaeilge a rith atá forásach, tá an deis ag an Chomhairle bheith i gcomhréir le moltaí a leag saineolaithe idirnáisiúnta amach.

Creat-Choinbhinsiún maidir le Cosaint na Mionlach Náisiúnta

Is Conradh de chuid Chomhairle na hEorpa é an Creat-Choinbhinsiún um Chosaint na Mionlach Náisiúnta (CCCMN) atá dírithe ar chearta mionlaigh a chosaint. Rinne an Ríocht Aontaithe síniú agus daingniú ar an CCCMN sa bhliain 1998. Aithníonn Airteagal 10 ceart na mionlach náisiúnta a dteanga a úsáid go príobháideach agus go poiblí, agus éilíonn Airteagal 11 go ndéanfaí éascú ar ainmneacha traidisiúnta áitiúla, ar ainmneacha sráide, agus ar tháscairí topagrafacha eile sa teanga mhionlaigh.

Cháin an Coiste Comhairleach a dhéanann monatóireacht ar an Chreat-Choinbhinsiún arís agus arís eile na cineálacha cur chuige a mheasann cur chun cinn na Gaeilge a bheith idirdhealaitheach nó a chuireann srian ar sholáthar dátheangach leis an dea-chaidreamh ginearálta mar údar leis sin. Neartaíonn sé seo an seasamh gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar bhearta don Ghaeilge mar sholáthar atá bunaithe ar chearta agus dírithe ar an chomhionannas.

Gealltanais Pholaitiúla Áitiúla seo

Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta agus an tAcht um Thuaisceart Éireann 1998

Aithnítear i Mír 3 de Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta an tábhacht atá le meas, tuiscint agus caoinfhulaingt i dtaca leis an éagsúlacht teanga. Áirítear leis seo an Ghaeilge, Albanais Uladh, agus teangacha na bpobal eitneach, a bhfuil siad uile luaite mar chuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann.

Tá de ghealltanas sa Chomhaontú go ndéanfaidh Rialtas na RA ‘gníomh daingean’ leis an Ghaeilge a chur chun cinn, le scríobh agus labhairt na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus príobháideach áit a bhfuil éileamh oiriúnach ann, agus srianta a chuirfeadh i gcoinne chothabháil agus fhorbairt na teanga a bhaint.

Cuireann an gealltanas seo dúshraith thábhachtach pholaitiúil ar fáil san áit seo le haghaidh soláthair phraiticiúil don Ghaeilge ag údaráis phoiblí. Tugann sé comhthéacs do chur chun cinn na Gaeilge mar chuid den socrú síochána níos leithne agus mar chuid den mheas agus den ionchuimsitheacht chultúrtha.

Comhaontú Chill Rímhinn 2006

Bhí gealltanas maidir le hAcht Gaeilge, bunaithe ar a mhacasamhail sa Bhreatain Bheag, i gceist i gComhaontú Chill Rímhinn. Cé go raibh moill ar a leithéid de reachtaíocht a thabhairt isteach, ba shuntasach an gealltanas mar sin féin, agus bhí macalla air sa Chomhaontú Ré Nua, Cur Chuige Nua agus ritheadh an tAcht ar deireadh in Westminster in 2022.

An tábhacht phraiticiúil atá leis an ghealltanas seo ná go bhfuiltear i ndiaidh cosaint don Ghaeilge a aithint go leanúnach sna comhaontuithe polaitiúla atá mar bhonn leis

an rialtas cineachta i dTuaisceart Éireann. Anuas air sin, rinne Comhaontú Chill Rímhinn tosaíocht den bhundualgas ar an Fheidhmeannas glacadh le Straitéis don Ghaeilge. Bhí macalla ar an fhoráil sin sa leasú ar Acht TÉ 1998 trí Airteagal 28d a raibh an éifeacht chéanna aige.

Ré Nua, Cur Chuige Nua 2020

Chuir Ré Nua, Cur Chuige nua imeacht arís faoi na hinstitiúidí comhroinnte cumhachta in 2020 agus thug isteach gealltanas go gcuirfí cosaint reachtúil don Ghaeilge chun tosaigh. Ba mhír thábhachtach í foráil i leith Choimisinéir na Gaeilge, a dhéanfadh forbairt ar chaighdeáin dea-chleachtais teanga do na húdaráis phoiblí maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn agus le húsáid na Gaeilge i seirbhísí poiblí.

Dá bharr sin tá an soláthar don Ghaeilge imithe thar an aitheantas cultúrtha ginearálta sa treo go mbeidh caighdeáin oibriúcháin ann do chomhlachtaí poiblí. Do na Comhairlí agus d'údaráis eile, an tionchar a bheidh aige sin ná gur gá measúnú a dhéanamh ar dhearadh seirbhíse, cumarsáid, comharthaíocht agus aitheantas corparáideach le hais caighdeán Gaeilge atá molta nó atá ag teacht chun cinn.

An tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022

I mí na Nollag 2022, tugadh Faomhadh Ríoga don Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann). Tugtar leis an reachtaíocht seo aitheantas oifigiúil do stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Luaitear san Acht an méid a leanas: '***caithfidh údarás poiblí, agus é i mbun a chuid feidhmeanna i dtaca le Tuaisceart Éireann, feidhmiú i bhfianaise na bprionsabal maidir le féiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha".*** Seo a leanas na prionsabail sin:

A. An prionsabal go bhfuil de shaoirse ag gach duine i dTuaisceart Éireann na nithe a leanas a dhéanamh:
   - a bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha féin a roghnú, a dhearbhú, a chothabháil agus a fhorbairt.
   - an fhéiniúlacht sin a léiriú agus a cheiliúradh ar bhealach a chuireann leochaileachtaí daoine eile san áireamh a bhfuil féiniúlachtaí difriúla náisiúnta agus cultúrtha acu agus a bhfuil meas aige ar riail an dlí.

B. An prionsabal gur chóir d'údaráis phoiblí an t-athmhuintearas, an chaoinfhulaingt agus an comhchaidreamh fíor a spreagadh agus a chur chun cinn idir dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí difriúla náisiúnta agus cultúrtha acu, d'fhonn an chomhurraim, meas agus comhthuiscint ar a chéile, agus comhoibriú a chur chun cinn.

Déanann an tAcht foráil i leith Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir, Oifig an Choimisinéara Gaeilge agus Oifig an Choimisinéara d'Albainis Uladh agus do Thraidisiún Briotanach Uladh a bhunú.

Seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag an Oifig Féiniúlachta agus Léirithe Cultúir:

- an t-iolrachas cultúrtha agus an meas ar an ilchineálacht a chur chun cinn,
- an chomhtháiteacht shóisialta agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ina measc siúd a bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha difriúla acu,
- cur le hacmhainn agus le diongbháilteacht daoine tabhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le difríochtaí maidir le féiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha, agus
- ceiliúradh na hoidhreachta cultúrtha agus teanga atá ag gach duine a mhaireann anseo a chur chun cinn agus tacú leis

An phríomhaidhm atá ag Coimisinéir na Gaeilge ná úsáid na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint ag seirbhísí poiblí agus iad i mbun seirbhísí a chur ar fáil don phobal nó do sciar den phobal.

An phríomhaidhm atá ag an Choimisinéir d'Albainis Uladh agus do Thraidisiún Briotanach Uladh ná teanga, ealaíona agus litríocht a bhaineann le traidisiún Albainis Uladh agus le traidisiún Briotanach Uladh a fheabhsú agus a fhorbairt.

Dualgais Údarás Poiblí agus Soláthar Seirbhísí

Moltaí ón Phainéal Saineolaithe i dtaca le Straitéis Ghaeilge (2022)

Rinne Ré Nua, Cur Chuige Nua athghealltanas maidir le Straitéis Ghaeilge a fhorbairt, le cois na reachtaíochta. Is í an aidhm a bheadh ag an Straitéis ná forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint thar thréimhse fiche bliain.

D'fhoilsigh an Roinn Pobal torthaí an Phainéil Saineolaithe in 2022, inar tugadh roinnt moltaí maidir le húsáid na Gaeilge i seirbhísí poiblí. Tugann na moltaí seo le

fios cé na bearta praiticiúla ba chóir do chomhlachtaí poiblí a mheas agus iad ag pleanáil don soláthar Gaeilge inrochtana, feiceálach, dáiríre.

- Ba chóir go mbeadh cainteoirí Gaeilge in ann teacht ar sheirbhísí rialtais i nGaeilge, agus ba chóir go mbeadh na seirbhísí sin ar comhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla.
- Ba chóir do chomhlachtaí poiblí gníomh daingean a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn go hinmheánach agus an méid is mó seirbhíse agus is féidir a chur ar fáil i nGaeilge.
- Ba chóir foirmeacha oifigiúla a bheith ar fáil don phobal i nGaeilge.
- Ba chóir do chomhlachtaí poiblí úsáid a bhaint as aitheantas corparáideach dátheangach Gaeilge/Béarla.
- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht dhátheangach Gaeilge/Béarla taobh istigh agus taobh amuigh den fhoirgneamh.
- Ba chóir cáipéisí corparáideacha tábhachtacha a chur ar fáil i nGaeilge.

Maidir leis na húdaráis áitiúla, díríonn na moltaí seo ar mhúnla soiléir seirbhíse; aitheantas dátheangach feiceálach, foirmeacha agus cáipéisí inrochtana Gaeilge, acmhainn foirne, agus cáilíocht seirbhísí atá chomh maith céanna le cáilíocht seirbhísí i mBéarla.

Treocháipéis na Roinne Pobal d'Údaráis Áitiúla maidir leis an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chur i bhfeidhm (2016)

> *"Ní mheastar mar ghníomh idirdhealaitheach in aghaidh úsáideoirí na dteangacha níos forleithne aon ghlacadh le sainbhearta atá báúil le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh atá dírithe ar chomhionannas a bhaint amach idir úsáideoirí na dteangacha seo agus an chuid eile den phobal nó a chuireann a saindálaí san áireamh."*

Treocháipéis Fhoras na Gaeilge

Seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí nua

I bhfianaise an athbhreithnithe ar an riarachán poiblí, d'fhoilsigh Foras na Gaeilge treocháipéis sa bhliain 2014 do na Comhairlí áitiúla nua maidir leis an dea-chleachtas ó thaobh sholáthar agus chosaint na Gaeilge de. Mhol an cháipéis na réimsí gnímh a leanas le go mbeadh na Comhairlí i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta:

- Brandáil
- Cáipéisíocht
- Foireann na Comhairle (iniúchóireacht agus oiliúint agus feasacht)
- Comhfhreagras
- Seirbhísí do na meáin Ghaeilge
- Na meáin shóisialta
- Suíomhanna gréasáin na Comhairle
- Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta
- Comharthaíocht
- Tacaíocht do scoileanna
- Tacaíocht don phobal
- Beartas Gaeilge a fhorbairt

Cearta an Duine, Neamh-Idirdhealú, agus Dea-Chaidirimh

Faisnéisiú Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (2010)

'Cearta Teanga Mionlaigh: An Ghaeilge agus Albainis Uladh, Páipéar faisnéise faoi na himpleachtaí atá ag an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus ionstraimí eile'

Tá Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine i ndiaidh a lua go soiléir nach bhfuil aon cheart ginearálta olc a bheith ar dhuine toisc go bhfuil páirtí eile i mbun a gceart a chur i bhfeidhm. I gcomhthéacs na Gaeilge, tá nasc idir an prionsabal seo agus saoirse cainte faoi Airteagal 10 de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine, arna léamh le hais Airteagal 14 maidir leis an neamh-idirdhealú, lena n-áirítear idirdhealú ar bhonn teanga.

An tuairim atá ag an Choimisiún gur geall le sárú ar shaoirse cainte é srian a chur ar úsáid nó ar chur chun cinn na Gaeilge as siocair leochaileachtaí dreamanna eile. Is

tábhachtach é seo óir cuireann sé srian leis an oiread is féidir le míchompord nó freasúra a dhlisteanú maidir le bacainn a chur le feiceálacht na Gaeilge nó le seirbhísí Gaeilge.

> *"... dhírigh an Coimisiún aird ar an fhíric nach bhfuil aon "cheart olc a bheith ar dhuine" toisc go bhfuil páirtí eile i mbun a gceart a fheidhmiú. Prionsabal ginearálta de chuid na saoirse cainte é seo (Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine – ECHR Airteagal 10, ar gá é a léamh le hais ECHR Airteagal 14 maidir leis an neamh-idirdhealú ar bhunúis lena n-áirítear teanga). Is eol don Choimisiún go bhfuil an aighneacht ann go bhfuil 'leochaileachtaí' i gceist leis an Ghaeilge. Go ginearálta, ba gheall le sárú ar shaoirse cainte é srian a chur ar úsáid nó ar chur chun cinn na Gaeilge as siocair leochaileachtaí dreamanna eile.*

Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna mionlach *Cearta Teanga na Mionlach Teanga: Treoir Phraiticiúil don Chur i bhFeidhm (2017).*

> *[Leathanach 5]: "Shainaithin sí agus phléigh sí naoi réimse ar údair imní iad: (1) Bagairtí do na teangacha mionlaigh agus do na mionlaigh teanga teacht slán: (2) aitheantas do theangacha mionlaigh agus do chearta teanga; (3) úsáid na dteangacha mionlaigh sa saol poiblí; (4) teangacha mionlaigh san oideachas; (5) teangacha mionlaigh sna meáin chumarsáide; (6) teangacha poiblí i réimsí an riaracháin phoiblí agus an dlí; (7) úsáid teangacha mionlaigh in ainmneacha, logainmneacha agus comharthaí poiblí; (8) rannpháirtíocht sa saol eacnamúil agus polaitiúil; agus (9) soláthar faisnéise agus seirbhísí i dteangacha mionlaigh. An cuspóir atá leis an Treoir seo ná cúnamh breise a thabhairt do lucht déanta beartais agus do shealbhóirí na gceart tuiscint a fháil ar scóip iomlán na gceart teanga atá ag mionlaigh teanga i dtaca le hiad a chur i bhfeidhm."*
>
> *[Leathanach 27]:4.4 Teangacha Mionlaigh agus Féiniúlacht – Cad é ba chóir a dhéanamh?*

Ní mór d'údarás an stáit féiniúlacht an duine féin, bíodh ainm nó sloinne an duine i gceist, a aithint, agus úsáid, agus meas a bheith uirthi. Sa chás gur praiticiúil sin, ba chóir úsáid na dteangacha mionlaigh ar chomharthaí sráide agus i sannadh logainmneacha a chur san áireamh, go háirithe áit a bhfuil suntas stairiúil ag roinnt leo nó áit a bhfuil na mionlaigh lonnaithe níos dlúithe ann.

[Leathanach 28]: Tá ainmneacha sráide agus ceantair, agus comharthaí logainmneacha dírithe ar an phobal ina gcomharthaí tábhachtacha maidir le féiniúlacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil. Cur chuige maith praiticiúil a bhfuil glacadh leis i gcuid mhaith tíortha ná na húdaráis reachtaíocht nó nós imeachta soiléir a chur ar fáil a cheadaíonn comharthaí dátheangacha nó fiú trítheangacha, ag cloí le prionsabal na comhréire áit a bhfuil dóthain éilimh nó dlúis daonra ann i dtaca le comharthaí dá leithéid sa teanga mhionlaigh... Ní mór bunús soiléir reachtúil a chur ar fáil maidir le critéir do na comharthaí sa teanga mhionlaigh más rud é go mbeidh feidhm éifeachtach leo.

Léiríonn comharthaí dátheangacha nó ilteangacha in úsáid ag údaráis phoiblí an ionchuimsitheacht, agus go bhfuil an ceantar ina seilbh go comónta síochánta measúil ag grúpaí éagsúla den phobal.

An Coimisiún Comhionannais

'Timpeallacht Mhaith Shuaimhneach a chur chun cinn sa Láthair Oibre' (2009)

"Ní hionann, go ginearálta, úsáid teangacha seachas an Béarla, mar shampla i lógónna agus i gcumarsáid chorparáideach, agus sárú ar thimpeallacht mhaith shuaimhneach sa láthair oibre." [pg 9].

"...Ba chóir go gcomhlíonfadh siad riachtanas agus prionsabail an chomhionannais deiseanna. Is féidir go mbeidh tionchar ar chinntí dá leithéidí ag an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh " [pg. 9]"

An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF): Tuarascáil ar an Chomhairliúchán don Dréacht-Bhille Gaeilge (2015)

Measúnacht ar an tionchar ar chomhionannas

> *4.4 Tugtar le tuiscint leis an fhianaise atá ar fáil gur dóchúla gur mó an seans gur duine Caitliceach, náisiúnach, óg, nach bhfuil faoi mhíchumas, ag a bhfuil cleithiúnaithe agus nach bhfuil pósta, é/í duine atá ina Ghaeilgeoir nó a bhfuil eolas éigin aige/aici ar an Ghaeilge. Ní raibh difríochtaí ar bith ann maidir le hinscne nó grúpa ciníoch. Níl aon sonraíocht ar fáil maidir le claonadh gnéis.*
>
> *4.5 Is é an dearcadh atá ag RCEF go dtiocfaidh tionchar dearfach, trí reachtaíocht a bhunú, ar lucht labhartha na Gaeilge agus, mar sin de, go hindíreach ar Chaitlicigh, náisiúnaithe, daoine singile, daoine níos óige, daoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu. Dar le RCEF, ní thiocfaidh aon tionchair idirdhealaitheacha ná dhíobhálacha.*

Measúnacht ar an tionchar ar dhea-chaidreamh

> *4.6 Mheas RCEF go bhfuil d'fhéidearthacht ag baint le tabhairt isteach Bille Gaeilge an dea-chaidreamh a fheabhsú, nó beidh níos mó comhionannais ag baint leis an Ghaeilge agus beidh ardán inrochtana aici do gach cuid den phobal."*

Úsáid na Gaeilge sa cheantar

Daonáireamh TÉ 2021

Léiríodh in Daonáireamh 2021 go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge ag 17.83% díobh siúd atá ina gcónaí sa cheantar. Tá an triú céatadán is mó i gceantar Fhear Manach agus na hÓmaí de dhaoine a bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu, i ndiaidh Lár Uladh (20.41%) agus ceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin (18.63%).

Chomh maith leis sin, tá 2.81% díobh siúd a chónaíonn sa cheantar a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil agus 2.13% eile a labhraíonn Gaeilge ar bhonn seachtainiúil.

Réamh-Chomhairliúchán

Aithníonn Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí agus ceiliúrann sí an éagsúlacht shaibhir de thraidisiúin teanga a mhúnlaigh stair an cheantair, agus atá

fós le feiceáil san éagsúlacht teangacha atá á scríobh, á labhairt agus á dtuiscint ag muintir an Cheantair féin agus ag cuairteoirí ann.

Tá Beartais aonair Ghaeilge agus Albainis Uladh ag an Chomhairle chomh maith le Beartas don Éagsúlacht Teanga (2022) a chuimsíonn ní amháin an Ghaeilge agus Albainis Uladh ach gach ilchineálacht teangacha lena n-áirítear Teangacha Mionlaigh, Teanga Chomharthaíochta, Makaton, Braille agus cineálacha eile teanga.

Roimh an chomhairliúchán seo reáchtáil Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí 2 Dháil na Gaeilge in Inis Ceithleann agus ar an Ómaigh i Márta 2026, áit ar pléadh an nós imeachta maidir le hathbhreithniú ar bheartas le lucht freastail de chúlraí éagsúla taobh istigh de phobal agus d'earnáil na Gaeilge. Rinneadh cruinnithe Réamh-Chomhairliúcháin a reáchtáil leis na heagraíochtaí a leanas d'fhonn léargas breise a fháil ar earnáil na Gaeilge sa Cheantar féin agus taobh amuigh de.

Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, An tOireachtas, Glór na nGael, Oifig an Choimisinéara Gaeilge, Ollscoil Uladh, Tús Nua Fhear Manach, Pobal ar an Iúl, Club Óige, Sruth na hÉirne, CLG Fhear Manach, Oifig na Féiniúlachta agus an Léirithe Cultúir, CLG Thír Eoghain, agus gnólachtaí áitiúla.

Scéim Chomhionannais

Leagtar amach i Scéim Chomhionannais na Comhairle (ar glacadh léi in Eanáir 2022) na socruithe atá ag an Chomhairle maidir le comhlíonadh na ndualgas comhionannais faoi Alt 25 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998, lena n-áirítear gealltanas faisnéis a chur ar fáil i bhformáidí malartacha má iarrtar sin, nuair is réasúnta praiticiúil é. Luann an Scéim go bhfuil EasyRead, Braille, formáidí fuaime (CD, mp3 nó DAISY), cló mór agus teangacha mionlaigh ar na formáidí malartacha is féidir a bheith ann le riar ar a riachtanas siúd nach é an Béarla a gcéad teanga.

Measúnacht ar thionchair

Catagóir Alt 75	Sonraí fianaise/faisnéise[1] agus measúnacht tionchair
Creideamh Reiligiúnda	Seo a leanas na staitisticí daonra is cothroime le dáta a léiríonn próifíl an cheantair: • 61.15% a aithníonn mar 'Caitliceach Rómhánach'. • 28.75% a aithníonn mar 'Protastúnach' nó creideamh 'Críostaí eile'. • 10.10% a aithníonn mar 'Gan aon chreideamh/Eile'.

[1] Dáta ó Daonáireamh TÉ 2021

	Léiríodh sa Phróiseas Monatóireachta Comhionannais is déanaí a rinneadh le fostaithe na Comhairle gur aithin siad siúd a d'fhreagair mar seo a leanas: • 58% - 'Caitliceach Rómhánach'. • 35% - 'Protastúnach'. • 7% - 'Gan aon chreideamh/Eile' Tá fianaise ann gur mó an úsáid a bhaintear as an Ghaeilge i measc pobal áirithe reiligúnda seachas a chéile. Is dócha mar sin go mbeidh tionchar dearfach ag an Bheartas seo ar chodanna den daonra a bhfuil spéis acu teacht ar sheirbhísí i nGaeilge nó an Ghaeilge a chur chun cinn. Ní mheasann an Chomhairle gur geall le drochthionchair ar dhaoine a bhfuil creideamh difriúil acu na tionchair dhearfacha seo astu féin, nó leanfar de na seirbhísí a chur ar fáil i mBéarla agus cuirfear an Beartas i bhfeidhm de réir na gceanglas comhionannais agus dea-chaidrimh.
Tuairim Pholaitiúil	Seo a leanas tuairim pholaitiúil na mball tofa ar an Chomhairle i láthair na huaire: Sinn Féin: 21 UUP: 7 DUP: 6 SDLP: 3 Alliance Party: 2 Neamhspleách: 1 Glactar leis gur neasionadaíocht é an briseadh síos seo ar thuairimí polaitiúla phobal cheantar Chomhairle Fhear Manach agus na hÓmaí. Aithníonn an Chomhairle gur féidir go mbeidh dearcadh difriúil i leith na Gaeilge ag daoine a bhfuil tuairimí polaitiúla difriúla acu. Féachann an Beartas le héascaíocht a dhéanamh den rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge áit a n-iarrtar sin agus ní laghdaítear leis aon rochtain ar sheirbhísí ag daoine aonair nó ag grúpa ar bith.
Cine	Taobh istigh de Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí, d'aithin 98.2% den daonra mar 'Geal'. Aithníonn 1.71% den daonra mar 'Eile'. Tá an Ceantar ag éirí níos ilchineálaí, nó tá timpeall 5.17% den daonra áitiúil a rugadh taobh amuigh den RA agus d'Éirinn. Tá timpeall 4,427 duine chomh maith nach é an Béarla a gcéad teanga.

	Tá macalla nach mór air seo i staitisticí monatóireachta na Comhairle, agus 99.6% a aithníonn mar 'Geal' agus 0.4% a aithníonn mar 'Eile'. Ní mheastar go mbeidh tionchar diúltach ag an Bheartas ar dhaoine ar de chiní difriúla iad. Cé go mbaineann an Beartas go sonrach leis an Ghaeilge, tá sé suite i gcomhthéacs níos leithe an ghealltanais atá ag an Chomhairle maidir le héagsúlacht teanga agus cumarsáid ionchuimsitheach. Tá daonra ag fás sa cheantar agus gan an Béarla ná an Ghaeilge mar an chéad teanga acu. Is féidir go gcuirfidh feidhmiú an Bheartais go dearfach le feasacht agus glacadh níos leithne i dtaca leis an éagsúlacht teanga agus le cearta teangacha mionlaigh. Leanfar de sheirbhísí na Chomhairle a chur ar fáil i mBéarla agus, áit ar oiriúnach sin, is féidir go mbeidh formáidí agus teangacha malartacha ar fáil de réir bheartais reatha na Comhairle. Dá réir sin, níl aon fhianaise ar thionchar diúltach i dtaca le cine de.
Míchumas	Léiríonn staitisticí maidir le Ceantar Fhear Manach agus na hÓmaí, go bhfuil 23.94% den daonra a aithníonn deacracht sláinte nó míchumas fadtéarmach a chuireann isteach ar a gcuid gníomhaíochtaí laethúla, arna bhriseadh síos mar a leanas: • Deacracht sláinte nó míchumas atá fadtéarmach (Cuirtear isteach go mór ar ghníomhaíochtaí laethúla): 12,841 duine. • Deacracht sláinte nó míchumas atá fadtéarmach (Cuirtear isteach de bheagán ar ghníomhaíochtaí laethúla): 15,126 duine. • Deacracht sláinte nó míchumas atá fadtéarmach (Ní chuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí laethúla): 88,845 duine Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh bacainní breise a bheith i gceist do dhaoine faoi mhíchumas maidir le teacht ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí. Leanfaidh feidhmiú an Bheartais ar aghaidh in éineacht le gealltanas na Comhairle faisnéis a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana áit ar féidir sin, lena n-áirítear cló mór, formáid fuaime agus formáidí eile inrochtana ach sin a iarraidh. Cé go dtugann an fhianaise le fios gur lú an dóchúlacht go mbeidh eolas ar an Ghaeilge ag daoine atá buailte ag tinnis fhadtéarmacha, seachas an daonra i gcoitinne, ní chuireann an Beartas de cheanglas seirbhísí a bheith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla amháin; beidh seirbhísí eile ar fáil. Dá thoradh sin, níor aithníodh aon tionchar diúltach agus is féidir go gcuirfidh an Beartas deiseanna ar fáil cur leis an inrochtaineacht tríd an chumarsáid dhátheangach agus inrochtana a chur ar fáil:

<table>
<tr>
<td>Aois</td>
<td>Seo a leanas próifíl aoise Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí:
<table>
<tr><th>Banda Aoise</th><th>Líon Daoine Aonair taobh istigh de gach Banda Aoise</th><th>Céatadán den Cheantar (%)</th></tr>
<tr><td>0-16</td><td>24,779</td><td>21.23</td></tr>
<tr><td>16-29</td><td>17,954</td><td>15.37</td></tr>
<tr><td>30-44</td><td>21,892</td><td>18.74</td></tr>
<tr><td>45-59</td><td>23,457</td><td>20.08</td></tr>
<tr><td>60-74</td><td>19,453</td><td>16.65</td></tr>
<tr><td>75+</td><td>9,256</td><td>7.92</td></tr>
</table>
Tugann an daonáireamh agus taighde roimhe seo le fios gur mó an dóchúlacht go mbeidh eolas ar an Ghaeilge nó taithí ar í a fhoghlaim ag an aos óg, tríd an chóras oideachais.

Dá bharr sin, is féidir go mbeidh dtionchar dearfach ag an Bheartas ar an aos óg nó cuirfear le deiseanna teacht ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí Ghaeilge. Mar sin féin, ní chuireann an Beartas aon srian ar dhaoine in aoisghrúpaí eile maidir le seirbhísí a fháil agus leanfar de sheirbhísí Béarla a chur ar fáil.

Mar sin de, cé gur aithníodh tionchar dearfach do na haoisghrúpaí níos óige, níor aithníodh aon tionchar diúltach do dhaoine níos sine.</td>
</tr>
<tr>
<td>Stádas Pósta</td>
<td>Seo a leanas na staitisticí i dtaca le stádas pósta do Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí:</td>
</tr>
</table>

	<table><tr><th>Stádas Pósta</th><th>Próifíl an Cheantair (%)</th></tr><tr><td>Colscartha</td><td>4.92</td></tr><tr><td>Singil</td><td>35.81</td></tr><tr><td>Pósta</td><td>49.14</td></tr><tr><td>Scartha</td><td>3.44</td></tr><tr><td>Ina b(h)aintreach</td><td>6.55</td></tr><tr><td>Páirtíocht Shibhialta Chomhghnéis</td><td>0.14</td></tr></table> Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeidh tionchar difriúil ag an Bheartas ar dhaoine ag brath ar a stádas pósta. Féachann an Beartas leis an rochtain a éascú ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis trí Ghaeilge nuair a iarrtar sin, agus ní chruthaítear leis srianta ná ní chuireann rochtain éascaithe ar fáil bunaithe ar cé acu stádas pósta, singil, scartha, colscartha atá ag duine nó an baintreach iad nó an i bpáirtíocht shibhialta atá siad. Dá réir sin, níor aithníodh aon tionchar diúltach i dtaca le stádas pósta de.
Claonadh Gnéis	Seo a leanas na staitisticí i dtaca le claonadh gnéis do Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí: <table><tr><th>Claonadh Gnéis</th><th>Líon daoine aonair dar aois 16 nó níos sine</th><th>Céatadán an cheantair (%)</th></tr><tr><td>Heitrighnéasach</td><td>82,373</td><td>89.52</td></tr><tr><td>Aerach nó leispiach</td><td>523</td><td>0.57</td></tr><tr><td>Déghnéasach</td><td>392</td><td>0.43</td></tr><tr><td>Claonadh gnéis eile</td><td>146</td><td>0.16</td></tr><tr><td>Ní luaitear nó b’fhearr leo gan a lua</td><td>8,579</td><td>9.32</td></tr></table> Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeidh tionchar difriúil ag an Bheartas ar dhaoine ag brath ar a gclaonadh gnéis. Baineann an Beartas go cothrom le gach áitreoir, cuairteoir, úsáideoir seirbhíse agus gach fostaí, agus tá de chuspóir aige tacaíocht a chur ar fáil don rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge nuair a iarrtar sin. Níor aithníodh aon tionchar diúltach i dtaca le claonadh gnéis de.

Inscne	Seo a leanas an briseadh síos i gCeantar Fhear Manach agus na hÓmaí ó thaobh inscne de: • Fireann: 49.93% • Baineann: 50.07% Níl aon leid san fhianaise atá ar fáil go mbeidh tionchar suntasach difriúil ag an Bheartas ar fhir nó ar mhná thar a chéile. Beidh na deiseanna a thiocfaidh leis an Bheartas, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí, faisnéis, deiseanna foghlama agus rannpháirtíocht chultúrtha, ar fáil beag beann ar inscne. Dá réir sin, níor aithníodh aon tionchar diúltach i dtaca le hinscne de.
Cleithiúnas	Cleithiúnaithe Lánfhásta: Taobh istigh de Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí, d'aithin 11.02% den daonra go bhfuil siad ag tabhairt aire gan íocaíocht do bhall teaghlaigh, do chara nó do chomharsa. Páistí: • Teaghlaigh gan aon pháiste cleithiúnach: 32,179 Teaghlach • Teaghlaigh le haon pháiste cleithiúnach amháin: 4,666 teaghlach. • Teaghlaigh le beirt pháistí cleithiúnacha: 5,068 teaghlach. • Teaghlaigh le triúr páistí cleithiúnacha nó níos mó: 3,880 teaghlach. Is féidir go mbainfidh daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu sochar as na deiseanna méadaithe teacht ar sheirbhísí, ar thionscnaimh oideachasúla, ar chláir dírithe ar theaghlaigh agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha i nGaeilge áit a gcuirtear iad seo ar fáil mar chuid den Bheartas agus den Straitéis a ghabhann leis. Ní chuireann an Beartas aon ualach breise ar dhaoine a bhfuil cleithiúnaithe acu ná orthu siúd nach bhfuil, ná ní chuireann sé aon bhacainn ar rochtain ar sheirbhísí. Dá réir sin, cé go mb'fhéidir go mbeadh roinnt tionchair dhearfacha ann do theaghlaigh agus do chúramóirí áirithe, níor aithníodh aon tionchar diúltach ó thaobh stádas cleithiúnaithe de.

I gcomhréir leis an phróiseas MTC, ar fhaisnéis a bhailiú faoin dréacht-Bheartas agus fúthu siúd is dócha a mbeidh tionchar aige orthu, caithfidh an Chomhairle measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh tionchar difriúil ar ghrúpaí in aon cheann nó níos mó de na catagóirí Airteagal 75 sa chás go nglacfaí leis an Bheartas, sula ndéanfar amach cén méid a bheidh sa tionchar sin agus an dócha gur tionchar diúltach é nó nach ea.

An iarraidh seo, is dócha gurb é a áiteoidh cainteoirí Gaeilge agus baill na ngrúpaí Gaeilge gur gníomhú dearfach é an Beartas thar aon ní eile, agus go ndéanfaidh siad a bheag d'aon tionchar diúltach orthu siúd nach é sin an dearcadh atá acu. Beidh an MTC ar a dhícheall an dhá dhearcadh iomaíocha seo a chur san áireamh.

Féachann an Beartas leis an Ghaeilge agus le cultúr na Gaeilge a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le muintir an Cheantair agus na cuairteoirí a thagann chuige. Déanfar an Beartas agus aon ghníomhaíochtaí ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm go comhleanúnach don uile dhuine, beag beann ar a gCreideamh Reiligiúnda ná ar a dTuairim Pholaitiúil. Is fiú a thabhairt faoi deara nach catagóir Airteagal 75 í an teanga féin; ach mar sin féin, i bhfianaise a bhfuil againn de na seachtháscairí, tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh daoine a bhfuil creideamh reiligiúnda agus tuairimí polaitiúla difriúla acu sochar a bhaint as gnéithe den Bheartas. Tá an Chomhairle aireach faoin chúlra reachtúil i dtaca leis an Acht um Theanga agus Fhéiniúlacht (Tuaisceart Éireann) 2022 agus na ceanglais atá uirthi dá bhun sin i dtaca leis na prionsabail féiniúlachta náisiúnta agus cultúrtha.

Ó thaobh an chomhionannais deiseanna de, meastar gur féidir go mbeidh tionchar dearfach ann do ghrúpaí áirithe, go háirithe cainteoirí Gaeilge agus iad siúd ar mian leo seirbhísí a fháil trí mheán na Gaeilge. Tá fianaise ann chomh maith gur ag grúpaí creidimh, tuairimí polaitiúla agus aoise faoi leith a bheidh na sochair seo seachas ag grúpaí eile. Mar sin féin, ní mheasann an Chomhairle gur geall le tionchair dhiúltacha ar ghrúpaí eile Airteagal 75 na tionchair dhearfacha seo astu féin. Leanfar de sheirbhísí a chur ar fáil trí Bhéarla agus cuirfear an Beartas i bhfeidhm de réir dhualgais reachtúla comhionannais agus dea-chaidrimh na Comhairle.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh faoi na sonraí ar fad atá ar fáil maidir le déimeagrafaíocht, an fhianaise taighde, an creat reachtúil agus eolas i dtaca le páirtithe leasmhara, níor aithin an Chomhairle aon fhianaise go mbeidh tionchar diúltach ag an Bheartas ar aon chatagóir Airteagal 75. Aithníonn an Chomhairle, mar sin féin, gur féidir go mbeidh tuairimí difriúla acu siúd a mbeifear i mbun comhairliúcháin leo maidir le tionchar an Bheartais, agus cuireann fáilte roimh aon fhianaise nó fhaisnéis bhreise, nó aon dearcadh difriúil tríd an phróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear moltaí ar bhearta maolúcháin nó ar chur chuige difriúil.

Breithniú faoi bheartais i dtaca le maolúchán

Tá an dréacht-Bheartas agus an mheasúnacht ar thionchair a théann leis á gcur faoi bhráid an phobail anois don chomhairliúchán. Tá de dhualgas ann sa phróiseas MTC, sa chás go gcinntear go mbeidh tionchar diúltach ag an Bheartas orthu siúd atá in aon cheann amháin nó níos mó de na naoi gcatagóir Airteagal 75, gur gá sraith roghanna nó bearta maolúcháin a chur chun tosaigh lena mbreithniú, agus gur chóir measúnacht a dhéanamh ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na roghanna seo.

Ní mór don Chomhairle ansin breithniú a dhéanamh faoi ghlacadh le bearta a d'fhéadfadh an tionchar diúltach a mhaolú agus/nó faoi bhealaí a chuirfeadh cuspóirí an bheartais i gcrích ach ar lú an tionchar diúltach a bheadh acu orthu siúd atá sa chatagóir ábhartha nó arbh fhearr a chuirfeadh siad an comhionannas deiseanna agus an dea-chaidreamh chun cinn.

Tugann an Coimisiún Comhionannais treoir faoin chuid seo a deir gur chóir don Chomhairle breithniú a dhéanamh faoi roghanna/bhearta a d'fhéadfadh aon tionchar diúltach a mhaolú, agus faoi bheartais eile arbh fhearr a chuirfeadh siad an comhionannas deiseanna chun cinn. Dar leis an treoir:

'Tá an breithniú faoi bhearta maolaithe agus faoi bheartais eile mar chroíchuid den phróiseas MTC. Ní mór roghanna difriúla a fhorbairt a thugann faoi chuspóirí an bheartais a bhaint amach. Tá an breithniú faoi na bearta seo fite fuaite leis an bhreithniú faoi bheartais eile. Is féidir gurbh é a bheadh sa mhaolúchán ná laghdú a dhéanamh ar dhéine an tionchair dhiúltaigh.'

'Is gá breithniú a dhéanamh, go háirithe, faoi bhealaí le cuspóirí beartais a bhaint amach ar lú an tionchar diúltach a bheadh acu ar an chatagóir comhionannais ábhartha, nó arbh fhearr a chuirfeadh siad an comhionannas deiseanna chun cinn don chatagóir comhionannais ábhartha. Ní mór a dhéanamh amach cé acu atá straitéisí feidhmithe faoi leith de dhíth don bheartas le go mbeidh éifeacht ann don ghrúpa ábhartha.'

Tá sé socraithe ag an Chomhairle tuairimí a lorg faoin dréacht-Bheartas agus faoi na moltaí atá ann, chomh maith le roghanna maolúcháin, tríd an chomhairliúchán poiblí. Cuirfidh an Chomhairle gach uile thrácht a gheofar i dtoll a chéile go ndéanfar anailís orthu, agus bainfear úsáid as an aiseolas seo mar bhonn eolais don leagan deireanach den Bheartas.

Nuair a bheifear i mbun cinneadh a dhéanamh, geallann an Chomhairle go mbeifear oscailte i gcónaí don aiseolas agus go bhfreagróidh sí go dearfach don uile thuairim a chuirfear in iúl sa phróiseas comhairliúcháin.

Comhairliúchán

Tá Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí tiomanta do phróiseas comhairliúcháin a bheidh tráthúil, oscailte agus ionchuimsitheach. Mairfidh an comhairliúchán faoin MTC go ceann 12 sheachtain ón 12 meán lae ar an 22 Deireadh Fómhair 2026 go dtína 5 i.n. ar an 13 Eanáir 2027.

Déanfar 3 chruinniú phoiblí a reáchtáil sa cheantar chomh maith le cruinnithe níos lú le grúpaí pobail Gaeilge, agus cuirfear sonraí faoi na cruinnithe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin agus ar mheáin shóisialta na Comhairle, chomh maith leis na sainchainéil Ghaeilge ar na meáin shóisialta ar Facebook, Instagram, agus an Irish Language mailing list.

Cuirfear ceistneoir de shuirbhé ar líne ar fáil don phobal, chomh maith le cóipeanna crua dóibh siúd nach bhfuil in ann teacht ar an ábhar go leictreonach.

Is féidir gach uile cháipéis a bhaineann leis an chomhairliúchán a chur ar fáil go crua, i ríomhphost nó i bhformáidí malartacha ach sin a iarraidh. Cuir scéala chuig Gaeilge@fermanaghomagh.com chun fiosrú breise a dhéanamh, le do thoil.

Céimeanna breise

I ndeireadh na tréimhse comhairliúcháin, déanfar athbhreithniú ar thuairisc an MTC le tráchtaireacht ón chomhairliúchán a chur san áireamh. Ansin cuirfear tuairisc faoi chinneadh deiridh MTC faoi bhráid na Comhairle mar áis do na baill tofa cinneadh a ghlacadh maidir leis an bheartas. Cuirfear cinntí na Comhairle san áireamh i dtuairisc dheiridh faoi chinneadh MTC ina leagfar amach an breithniú a rinneadh faoi bheartais mhalartacha agus faoi ghníomhaíochtaí maolaithe. Leis sin cuirfear deireadh le Céim 6 den phróiseas MTC.

Beidh an tuairisc dheiridh faoin chinneadh MTC ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Déanfar na torthaí ó mhonatóireacht leanúnach a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus cuirfear sin san áireamh san athbhreithniú ar dhul chun cinn a rachaidh faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais. Leis sin cuirfear deireadh le Céim 7 den phróiseas MTC.

Ceisteanna don Chomhairliúchán MTC

1. An bhfuil aon sonraí, riachtanais nó saincheisteanna maidir le haon chatagóir comhionannais Airteagal 75 nár aithníodh san Anailís ar Shonraí agus ar Thaighde

atá ar fáil, agus sa Mheasúnacht ar Thionchar sa cháipéis chomhairliúcháin MTC? Má tá, cad iad féin? Tabhair mionsonraí le do thoil.

2. An bhfuil aon tionchar maidir le haon cheann de na grúpaí comhionannais Airteagal 75 nár aithníodh sa Mheasúnacht ar Thionchair sa cháipéis chomhairliúcháin MTC? Má tá, cad iad féin?

3. An bhfuil aon tráchtaireacht ghinearálta eile ba mhaith leat a dhéanamh i dtaca le próiseas an chomhairliúcháin?